C/2026/5449

21.10.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12587 — DANFOSS / ALFA GOMMA)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/5449)

1. An 14 Deireadh Fómhair 2026, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Danfoss A/S ('Danfoss', an Danmhairg),

— Alfa Gomma S.p.A. ('Alfa Gomma', an Iodáil)

Gheobhaidh Danfoss rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Alfa Gomma ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is monaróir domhanda comhpháirteanna agus teicneolaíochtaí innealtóireachta le haghaidh cuisniú, téimh, aerchóiriú, uathoibriú tionsclaíoch, hiodrálaice, modúil chumhachta mótarfheithiclí, córais ardbhrú, agus tiontairí minicíochta é Danfoss,

— Is monaróir agus dáileoir domhanda córas láimhseála sreabhán le haghaidh feidhmeanna hiodrálacha agus tionsclaíocha, lena n-áirítear píobáin, feadáin, feistis, cuibheoirí, agus rubar tionsclaíoch agus píobánra teirmeaplaisteach é Alfa Gomma.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]) ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12587 — DANFOSS / ALFA GOMMA

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË